



# THERM-X



## TÚS GASTA

1



Bain an caipín, cuir leacht leis go dtí an líne dhearg más gá, cuir an caipín ar ais.

2



Ceangail an corda cumhachta ón mbríce cumhachta le cúl an mheaisín go dtí go gcloisfear “clíc”.

3



Ceangail na feistis ón bpíobán le haghaidh an mheaisín go dtí go gcloisfear “clíc”.

4




Daingnigh an ball éadaigh teirmeach go daingean leis an gcorp.

5



Ceangail na feistis ón bpíobán leis an mball éadaigh teirmeach go dtí go gcloisfear “clíc”.

6



Brúigh an cnaipe “Tosaigh an Chóireáil” ar an scáileán tadhail chun tús a chur leis an gcóireáil.

## CLÁR NA nÁBHAR

|    |   |    |
|----|---|----|
| 1  | Úsáid Bheartaithe .....   | 1  |
| 2  | Tásca Úsáide.....   | 1  |
| 3  | Daonra Beartaithe .....   | 1  |
| 4  | Úsáideoirí Beartaithe.....  | 1  |
| 5  | Tairbhí Cliniciúla .....  | 1  |
| 6  | Gnéithe Therm-X.....  | 1  |
| 7  | Comhphárteanna an Chórais .....                                     | 2  |
| 8  | Baill éadaigh .....   | 2  |
| 9  | Deilbhíní .....   | 3  |
| 10 | Do Chóras Therm-X a ullmhú lena úsáid .....                         | 3  |
| 11 | Treoracha Oibrithe .....  | 4  |
| 12 | Teiripe a Ríomhchlárú .....   | 4  |
| 13 | Athruithe a Dhéanamh ar Chóireáil atá ar Siúl.....                  | 6  |
| 14 | Uirlisí Córais .....  | 6  |
| 15 | Aire a thabhairt do do Chóras Therm-X.....                          | 7  |
| 16 | Foláirimh.....  | 8  |
| 17 | Oiriúintí agus Páirteanna Athsholáthair .....                       | 9  |
| 18 | Acrainmneacha agus Sainmhínithe.....                                | 10 |
| 19 | Siombailí agus Giorrúcháin ar an Táirge agus ar an bPacáistiú ..... | 10 |
| 20 | Sonraíochtaí Táirge agus Sonraí Teicniúla.....                      | 11 |
| 21 | Fritásca.....   | 12 |
| 22 | Réamhchúraimí agus Rabhaidh Ghinearálta.....                        | 13 |
| 23 | Seirbhís agus Tacaíocht do Chustaiméirí.....                        | 16 |
| 24 | Baránta Máistirtháirge .....  | 16 |

# 1 ÚSÁID BHEARTAITHE

Tá sé beartaithe le Therm-X AT teiripe fhuar, teiripe theasa, teiripe chodarsnachta agus teiripe chomhbhrúite a thabhairt d'othair a bhfuil na teiripí sin léirithe dóibh.

# 2 TÁSCA ÚSÁIDE

Comhcheanglaíonn Therm-X AT teiripe fhuar, teiripe theasa, teiripe chodarsnachta agus teiripe chomhbhrúite. Tá sé beartaithe le Therm-X gortuithe iar-obráide agus géarghortuithe a chóireáil chun éidéime, at, agus pian a léirítear teiripe fhuar agus teiripe chomhbhrúite ina leith a laghdú. Tá sé beartaithe leis riochtaí leighis agus/nó máinliachta iarthráimacha agus iar-obráide a chóireáil a bhfuil teirmiteiripe logánta (te nó fuar) léirithe ina leith.

Tá sé beartaithe go n-úsáidfidh gairmithe cúraim sláinte ceadúnaithe Therm-X AT, nó go n-úsáidfead é ar ordú uathu, i saoráidí athshlánúcháin, i gclinicí othar seachtrach, agus i suíomhanna oiliúna lúthchleasaíochta.

# 3 DAONRA BEARTAITHE

Léirítear Therm-X AT d'othair atá 12 bhliain d'aois agus níos sine.

# 4 ÚSÁIDEOIRÍ BEARTAITHE

Tá sé beartaithe go n-úsáidfidh gairmithe cúraim sláinte ceadúnaithe Therm-X AT, nó go n-úsáidfead é ar ordú uathu, i saoráidí athshlánúcháin, i gclinicí othar seachtrach, agus i suíomhanna oiliúna lúthchleasaíochta.

# 5 TAIRBHÍ CLINICIÚLA

Laghaíonn Therm-X AT éidéime, at, agus pian trí theiripe theasa, theiripe fhuar, theiripe chodarsnachta agus/nó theiripe chomhbhrúite a sholáthar d'othair a bhfuil géarghortuithe matánchnámharlaigh, gortuithe iarthráimacha, nó atá ag teacht chucu féin i ndiaidh máinliachta (Iar-Obráide). Nuair is cuí, is féidir an fheiste Therm-X AT a úsáid in ionad oighir, pillíní téimh, stocaí comhbhrúite nó cóireálacha comhchosúla chun rialú teirmeach agus comhbhrúite níos comhsheasmhaí agus níos leanúnaí a sholáthar.

# 6 GNÉITHE THERM-X

Léigh an Lámhleabhar Úsáideora ar fad sula n-oibríonn tú an Therm-X. Níl aon chomhpháirteanna is féidir le húsáideoir a chothabháil taobh istigh den Therm-X.



## Gnéithe

- Taispeáint scáileáin tadhaill atá éasca a úsáid agus a léamh
- Oibriú ciúin
- Raon teochta fuartháin idir 1.5°C-12.5°C agus 40.5°C-43.0°C
- Leibhéil chomhbhrúite: Éadrom (5 mmHg), Íseal (20 mmHg), Meánach (45 mmHg), agus Ard (70 mmHg)
- Teiripí in-ríomhchláraithe, lena n-áirítear an cumas dhá chóireáil éagsúla a stóráil ag an am céanna, ceann lena thosú níos déanaí
- An rogha chun an chóireáil stóráilte a chosaint le pasfhocal chun comhlíonadh othar maidir leis an gcóireáil ordaithe a mhéadú
- Timthriallta cóireála tapa réamhlódáilte go háisiúil a gcuireann teiripí cóireála a ordáitear go forleathan bonn eolais fúthu

| Modh Teiripe   | Feidhmíocht Mheasta      | Toradh na Feiste nach gComhlíonann an Feidhmíocht Mheasta |
|----------------|--------------------------|---|
| Teiripe Theasa | Teochtaí os cionn 43°C   | Ní shroichfidh an fheiste teochtaí os cionn 43°C          |
| Teiripe Fhuar  | Teochtaí faoi bhun 9.5°C | Ní shroichfidh an fheiste teochtaí faoi bhun 9.5°C        |

## 7 COMHPHÁIRTEANNA AN CHÓRAIS

Cad atá sa Bhosca?















## 8 BAILL ÉADAIGH

Tugtar treoracha úsáide le gach ball éadaigh.



## 9 DEILBHÍNÍ

|   |                   |   |           |   |                          |
|---|-------------------|---|-----------|---|--------------------------|
|  | Cumhacht Casta As |  | Scoir     |  | Comhbhrú                 |
|  | Siar              |  | Cuidiú    |  | Stop an Chóireáil        |
|  | Roghnaigh Uirlis  |  | Deimhnigh |  | Cuir an Chóireáil ar Sos |
|  | Scrolláil         |  | Atosaigh  |  | Teocht                   |

## 10 DO CHÓRAS THERM-X A ULLMHÚ LENA ÚSÁID

Tá na treoracha seo forlíonta leis an Treoir Mhearthosaithe atá ar fáil ó scáileán baile Therm-X AT.

### Do Chóras a bhaint as an bpacáiste

Beidh aonad Therm-X, soláthar cumhachta, corda cumhachta, buidéal fuartháin, píobán imleacáin Therm-X, agus lámhleabhar úsáideora i do phacáiste Therm-X. Bí cinnte go bhfuil gach cuid den chóras Therm-X agat sula dtéann tú ar aghaidh. Féach an fíor i gCuid 7 le haghaidh íomhánna den fheiste agus de na compháirteanna.

Ina theannta sin, beidh ball éadaigh Therm-X (a dhíoltar as féin) de dhíth ort chun Therm-X a oibriú.

### An Fheiste a Líonadh

Chun feidhmíocht optamach a fháil ón bhfeiste, ceannaigh fuarthán Therm-X ó dháileoir. Mura bhfuil aon fuarthán ar fáil agat, lean na cóimheasa atá liostaithe sa tábla thíos chun fuarthán Therm-X a chruthú ag baint úsáid as alcól iseapróipile agus uisce driogtha; moltar an fuarthán Therm-X a dhíolann Kinetec S.A.S. a úsáid.

Nuair a bheidh an meascán fuartháin ullmhaithe agat, oscail an t-umar atá suite ar chúl an Therm-X agus líon an t-umar go dtí an líne dhearg taobh istigh de scóig líonta an umair. Nuair a bheidh tú ag líonadh an Therm-X, tá sé tábhachtach go líonfa é go dtí an líne dhearg.



| Chun fuarthán réamh-mheasctha Therm-X a ordú, iarr TX1206P ar an dáileoir |   |
|---|---|
| Tiúchan Alcóil  | Cóimheas Alcóil le hUisce Driogtha      |
| 99%   | 1 chuid Alcóil : 9 gcuid uisce driogtha |
| 91%   | 1 chuid Alcóil : 8 gcuid uisce driogtha |
| 70%   | 1 chuid Alcóil : 6 gcuid uisce driogtha |
| 50%   | 1 chuid Alcóil : 4 gcuid uisce driogtha |
| NÁ húsáid ach alcól Iseapróipileise agus uisce driogtha!                  |   |

### Na Píobáin a Cheangal

Brúigh an nascóir 3-in-1 ina áit go dtí go gcloiseann tú clic. Mura bhfuil tú ábalta an nascóir a cheangal, bain triail as an ncaipe dearg ar thaobh nascóir an pháibáin a bhrú agus a scaoileadh agus ansin bain triail as arís.



### Na Baill Éadaigh a Cheangal

Chun na baill éadaigh a cheangal, ailnígh an cnaipe dearg leis an mball éadaigh leis an gcnaipe dearg ar an bpíobán agus brúigh le chéile iad go dtí go gcloisfear 'clic'. Chun tuilleadh treorach a fháil, féach ar na treoracha maidir le baill éadaigh aonair, atá ar fáil leis an mball éadaigh nó le híoslóidáil ag [thermxtherapy.com](http://thermxtherapy.com).



## 11 TREORACHA OIBRITHE

### Sula n-úsáidfeáir é, féach Cuid 20 “Fritásca”, agus Cuid 21 “Réamhchúraimí agus Rabhaidh Ghinearálta”

Ceangail an soláthar cumhachta le príomhaonad Therm-X agus le soicéad SA. Lasfaidh solas táscaire ar an soláthar cumhachta nuair a bheidh an soláthar cumhachta ceangailte i gceart le soicéad SA. Nuair a thosóidh an t-aonad beidh sé ag bípeáil ar feadh tamall beag agus beidh lógó Therm-X agus an cineál múnla le feiceáil ar feadh tamall beag agus ansin an Scáileán Baile. Nuair a bheidh rogha déanta, brúigh an scáileán tadhaill go díreach os cionn an chnaipe nó an deilbhín. Deimhneoidh bíp inchloiste an rogha.

Má tá an chóireáil teiripe ríomhchláraithe agat cheana féin, lean na treoracha go léir in 'An Therm-X a Ullmhú lena Úsáid', lena n-áirítear an meaisín a dhíphacáil, an t-umar fuartháin a líonadh, agus an píobán agus an ball éadaigh a cheangal. Ansin roghnaigh an cnaipe “Tosaigh an Chóireáil” ón scáileán Baile.

Nuair a bheidh an timthriall tosaithe, mothóidh tú an ball éadaigh ag teannadh agus leacht ag sreabhadh. Beidh an scáileán 'Cóireáil ar Siúl' le feiceáil agus taispeánfaidh sé na socruithe reatha timthrialla, an barra dul chun cinn, amadóir, agus na cnaipí 'Stop' agus 'Cuir ar Sos'. Rithfidh an t-aonad go huathoibríoch go dtí deireadh an timthrialla orodaithe.


Is féidir leat an timthriall a stopadh agus fillleadh ar an scáileán 'Baile' ag am ar bith tríd an deilbhín “Stop” a roghnú. Is féidir leat an timthriall a chur ar sos ag am ar bith tríd an deilbhín 'Sos' a roghnú, agus an timthriall a atosú trí 'Atosaigh' a bhrú arís.

Nuair a bheidh an chóireáil ordaithe críochnaithe, bípeálfad an meaisín trí huair, agus tosóidh an tUaineadóir Scíthe ordaithe. Taispeánfar an méid ama atá fágtha sa timthriall scíthe ar thaobh na láimhe deise den bharr dul chun cinn.

Uair amháin gach seacht lá, taispeánfar scáileán meabhrúcháin go huathoibríoch lena mheabhrú don úsáideoir an leibhéal fuartháin san fheiste a sheiceáil, agus é a líonadh de réir mar is gá. Is féidir leat an meabhrúchán sin a ghlanadh ach “Dún” a bhrú, nó glanfar an meabhrúchán é féin i ndiaidh cúpla soicind.

Chun an fheiste Therm-X a shuanú, brúigh an deilbhín cumhachta ón gcoirnéal ag bun ar dheis an scáileán 'Baile'. Is féidir an Therm-X a chasadh air arís trí aon áit ar an scáileán tadhaill a theagmháil. Chun an Therm-X a chasadh as, díphlugáil soláthar cumhachta na feiste Therm-X ón soicéad.


## 12 TEIRIPE A RÍOMHCHLÁRÚ



Ón scáileán Baile, roghnaigh Cóireáil a Chlárú. Má tá an pasfhocal cumasaithe, caithfidh tú é a chur isteach sula rachaidh tú ar aghaidh. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le do phasfhocal, féach Cuid 14 Uirlisí Córais. Beidh an scáileán Roghnaigh Timthriall Cóireála le feiceáil ansin. Beidh roghanna éagsúla “Mear-roghanna” ar an scáileán sin lena roghnú, lena n-áirítear “Géarghortú”, “Iar-Ghéareidéime”, “Codarsnacht Anailgéiseach”, agus “An Ceann is Ansa”. Beidh cnaipe “Saincheaptha” ann freisin, agus cnaipe “Siar” a thabharfaidh ar ais chuig an scáileán roimhe seo thús.

Nuair a roghnófar Mear-Rogha, déanfar an teocht, an leibhéal comhbhrúite, agus am an timthrialla a réamhlódáil. Ar an scáileán sin, beidh tú ábalta cnaipí a roghnú le haghaidh “Cuir zú Cóireáil leis” (má tá sé ar fáil), “Deimhnigh”, nó “Siar” chun fillleadh ar an scáileán Roghnaigh Timthriall Cóireála. Cuirfidh an cnaipe “Deimhnigh” an timthriall roghnaithe isteach i gcúimhne an chórais.

Is é cuspóir an zú timthrialla cláir cóireáil bhreise a chruthú a thosóidh ar dháta amach anseo. Nuair a roghnaítear an cnaipe “Cuir zú Cóireáil leis”, treorófar thú trí shraith scáileán cláir chun teocht agus fad an timthrialla cláraithe a roghnú. I ndiaidh duit sonraí na cóireála a ríomhchlárú, iarrfar ort dáta tosaigh an zú cláir a shainithint. Is é sin an dáta a athróidh an timthriall ordaithe sa mheaisín ón<sup>1</sup>ú timthriall ríomhchláraithe go dtí an 2<sup>ú</sup> ceann. Bain úsáid as rothaí scrollála chun an dáta a athrú, an deilbhín “Deimhnigh” chun na timthrialla a shábháil, agus an deilbhín “Siar” chun fillleadh ar scáileán roghnúcháin an zú timthrialla.



I ndiaidh duit an deilbhín “Deimhnigh” a roghnú, beidh an scáileán “Inroghnaitheacht Othar” le feiceáil. Trí 'Tá' a roghnú, beidh othar ábalta rogha a dhéanamh idir an chéad nó an dara timthriall cóireála ríomhchláraithe, ag tosú ar Dháta Tosaigh an 2<sup>ú</sup> Timthrialla; ní bheidh rochtain ag othair fós ach ar an 1<sup>ú</sup> timthriall ríomhchláraithe go dtí an dáta a iontráladh do dháta tosaigh an 2<sup>ú</sup> timthrialla. Má roghnaítear 'Níl' ní bheidh rochtain ag othair ach ar an timthriall cóireála atá ríomhchláraithe mar a shainítear le Dáta Tosaigh an 2<sup>ú</sup> Timthrialla. Má roghnaítear an rogha “Inroghnaitheacht Othar”, taispeánfaidh an scáileán “Críochnaigh an 2<sup>ú</sup> Timthriall Ríomhchláraithe” deilbhín idir an 1<sup>ú</sup> agus an 2<sup>ú</sup> timthriall a bheidh taispeánta.

### Timthriall a Shaincheapadh

Má theastaíonn timthriall seachas na Mear-roghanna, beidh tú ábalta timthriall a shaincheapadh ón gcnaipe “Saincheaptha” ar an scáileán Roghnaigh Clár Cóireála.


Nuair a roghnófar an cnaipe “Saincheaptha”, tabharfar chuig an scáileán Roghnaigh Teocht thú. A bhúí leis sin, tabharfar deis roghnú as teochtaí réamhroghnaithe éagsúla, chomh maith leis an rogha “Teocht Shaincheaptha” agus “Codarsnacht”. Le “Saincheaptha” beidh tú ábalta rogha a dhéanamh ón raon 1.5°C-12.5°C nó 40.5°C-43°C. Socróidh “Codarsnacht” timthriall a athraíonn idir teochtaí 3.5 °C agus 40.5 °C. (Is féidir leat an teocht a thosófar agus na tréimhsí a shocrú.)

Nuair a roghnófar an timthriall teochta, spreagfaidh an Therm-X thú chun luach brú a roghnú ar an scáileán Roghnaigh Leibhéal Comhbhrú. Beidh 4 leibhéal comhbhrúite ar fáil le roghnú astu. Ar chlé is féidir leat a roghnú an comhbhrú a chasadh as, nó comhbhrú leanúnach nó eadrannach a roghnú. Beidh cnaipe “Siar” ann freisin chun filleadh ar an scáileán Roghnaigh Teocht.

Nuair a roghnófar an leibhéal comhbhrú, spreagfaidh Therm-X thú chun fad timthrialla a roghnú ar an scáileán Roghnaigh Fad Timthrialla. Beidh 2 fhad ama ar fáil le roghnú astu, chomh maith leis an rogha fad saincheaptha a chruthú. Tabharfaidh an cnaipe “Siar” ar ais chuig an scáileán Roghnaigh Leibhéal Comhbhrú thú.

Nuair a roghnófar fad an timthrialla, beidh timthriall iomlán cruthaithe. Ar an scáileán Críochnaigh an<sup>ú</sup> Timthriall Cláraithe beidh an rogha “Deimhnigh” agat ansin chun an chóireáil a ghlasáil isteach agus filleadh ar an scáileán Baile, nó “Siar” chun filleadh ar an scáileán Roghnaigh Fad Timthrialla.

Má roghnaigh tú an cnaipe “Codarsnacht” ar an scáileán bunaidh Roghnaigh Teocht, iarrfaidh an Therm-X ort leibhéal comhbhrú, fadanna codarsnachta ar leith le haghaidh teasa agus fuachta, cén teocht (teas nó fuacht) chun an chóireáil a thosú, agus am iomlán na cóireála (I.E. líon na dtimthriallta teasa/fuara) a roghnú.



## Mear-roghanna


### Na mear-roghanna a ath-ríomhchlárú

Is féidir leat aon cheann de na cnaipí roghnú tapa a ath-ríomhchlárú le cóireáil roghnaithe a úsáideann tú go rialta. Chun é sin a dhéanamh, roghnaigh aon cnaipe mear-rogha ón scáileán 'Ríomhchláraigh Cóireáil' agus brúigh an cnaipe “Ath-ríomhchláraigh” chun dul trí na roghanna ríomhchláraithe saincheaptha. Cuirfear an clár saincheaptha faoi ghlas nuair a bhrúnn tú an deilbhín “Deimhnigh”. Chun aon cheann de na cláir sin a chur ar ais go dtí na mear-roghanna réamh-ríomhchláraithe a soláthraíodh ar dtús, roghnaigh an cnaipe mear-rogha ón scáileán 'Ríomhchláraigh Cóireáil', brúigh agus coinnigh síos “Ath-ríomhchláraigh” ar feadh dhá shoicind, agus fillfidh na socruithe ar an timthriall bunaidh réamhlódáilte.


### Ag roghnú as mear-roghanna réamh-ríomhchláraithe

Beidh trí rogha cóireála a ordaítear go coitianta réamh-ríomhchláraithe ar do Therm-X AT. Má ligeann an timthriall duit 2<sup>ú</sup> cóireáil a chur leis, beidh an deilbhín le feiceáil i lándath.

- *Timthriall Géarghortaithe*: cóireáil 20 nóiméad, 1.5°C, comhbhrú meánach, gan aon tréimhse scíthe.
- *Timthriall Iar-Ghéareidéime*: cóireáil 40 nóiméad, 40.5°C, comhbhrú meánach.
- *Timthriall Codarsnachta Anailgéisí*: cóireáil 60 nóiméad, comhbhrú meánach, 6 thimthriall de theochtaí codarsnacha a athraíonn idir 40.5°C agus 3.5°C.



## 13 ATHRUITHE A DHÉANAMH AR CHÓIREÁIL ATÁ AR SIÚL



Is féidir leat athruithe a dhéanamh le linn cóireáil atá ar siúl maidir le teocht agus comhbhrú na mball éadaigh. Is féidir leat rochtain a fháil ar an scáileán “Athraigh Teocht” nó “Athraigh Comhbhrú” (le linn cóireáil atá ar siúl amháin) trí na deilbhíní 'Comhbhrú' nó 'Teocht' a roghnú (féach an fíor ar chlé). Ní fhéadfaidh athruithe na teorainneacha a leagtar síos leis na cóireálacha ordaithe nó réamh-riomhláraithe a shárú.

### Teocht

Chun teocht cóireála a athrú, roghnaigh an tsiombail 'Teocht', ansin roghnaigh ceann de na teochtaí atá ar fáil. Is féidir leat an teocht a choigeartú a oiread uaireanta agus is gá le linn timthrialla. Roghnaigh an deilbhín “Deimhnigh” chun an teocht nua a ghlasaíl isteach.

#### Pasfhocal Díchumasaithe

Ceadófar aon choigeartú teochta fuaire le haghaidh cóireáil fhuar, laistigh den raon 1.5°C go 12.5°C. Le do Therm-X AT, beidh tú ábalta aon athrú teochta a dhéanamh le haghaidh cóireáil the 40.5°C go 43°C.

#### Pasfhocal Cumasaithe

Ní cheadófar ach choigeartuithe teochta coimeádacha, agus beidh siad i gcoibhneas leis an gcóireáil a bhí ríomhláraithe ar dtús. Mar shampla, má bhí an chóireáil FUAR ríomhláraithe go 7.0°C, is féidir leat teocht idir 7.0°C agus 12.0°C a roghnú. Más é 41.5°C an clár cóireála le haghaidh teiripe THE, is féidir leat teocht ó 40.5°C go 41.5°C a roghnú.

### Brú

Chun an leibhéal comhbhrúite a athrú, roghnaigh an tsiombail 'Comhbhrú' ansin roghnaigh ceann de na leibhéil chomhbhrúite atá ar fáil. Is féidir leat an leibhéal 'Comhbhrú' a choigeartú a oiread uaireanta agus is gá le linn timthrialla. Má bhí an comhbhrú ríomhláraithe, ní fhéadfar é a chasadh as. Roghnaigh an deilbhín “Deimhnigh” chun an leibhéal comhbhrúite nua a ghlasaíl isteach.

#### Pasfhocal Díchumasaithe

*Comhbhrú Leanúnach:* Ceadófar aon leibhéal comhbhrúite.

*Ceadóigh Therm-X AT Éadrom, Íseal, Meánach agus Ard.*

*Comhbhrú Eadrannach:* Tá comhbhrú Íseal, Meánach agus Ard ar fáil.


#### Pasfhocal Cumasaithe

Ní cheadaítear ach choigeartuithe coimeádacha ar an leibhéal comhbhrúite, i gcoibhneas leis an gcóireáil a bhí ríomhláraithe ar dtús. Mar shampla, más Meánach an chóireáil ordaithe, is féidir leat Éadrom, Íseal agus Meánach a roghnú. Más Íseal an chóireáil a bhí ríomhláraithe ar dtús, is féidir leat Éadrom nó Íseal a roghnú.

*Comhbhrú Leanúnach:* Tá gach leibhéal comhbhrúite ag an leibhéal comhbhrúite a bhí ríomhláraithe ar dtús nó faoina bhun ar fáil.

*Comhbhrú Eadrannach:* Níl comhbhrú Éadrom ar fáil.




## 14 UIRLISÍ CÓRAIS




Chun an scáileán Uirlisí Córais a nascleanúint ón scáileán Baile, ní mór duit an cnaipe “Socruithe” sa choiméal íochtarach ar chlé de do scáileán tadhaill Therm-X a roghnú ar dtús. Beidh scáileán pasfhocail le feiceáil má tá an pasfhocal cumasaithe. Bain úsáid as an bpassfhocal a fuair tú le do mheaisín. Beidh 5 iarracht ar a mhéad agat chun an pasfhocal ceart a chur isteach. Má dhéantar an iomarca iarrachtaí míchearta, taispeánfaidh an meaisín earráid agus caithfidh tú atosú sula n-úsáidfidh tú do Therm-X arís. Taispeánfar an scáileán Socruithe láithreach má tá an pasfhocal díchumasaithe. Is féidir an pasfhocal a scoránú air agus as tríd an gcnaipe

“Pasfhocal” a roghnú. Tríd an bpassfhocal a chumasú, beidh tú ábalta a chinntiú nach mbeidh úsáideoirí neamhúdairithe ábalta an timthriall stóráilte a athrú.

Nuair a shroichfidh tú an scáileán Roghnaigh Uirlis is féidir leat rochtain a fháil ar “Úsáid Timthriallta”, “Dáta/Am”, “Eolas faoin bhFeiste”, “Sonraí Foláirimh”, “Pasfhocal”, “Aonaid Teochta”, “Cuidiú”, agus “Cuir ar Ceal”. Is féidir an fhormáid ina dtaispeántar an teocht, Fahrenheit nó Celsius, a scoránú tríd an gcnaipe “Aonaid Teochta” a roghnú, agus an t-aonad taispeána atá ag teastáil uait a roghnú.




Nuair a bhrúitear “Socruithe” taispeánfar roghanna anuas le haghaidh roghnú 'Aonaid Teochta' agus 'Teanga'. Trí bhrú ar na 'hAonaid Teochta' atá roghnaithe faoi láthair, osclófar roghchlár anuas le roghanna chun an teocht a thaispeáint in “Celsius [°C]” nó “Fahrenheit [°F].” Tapáil an t-aonad atá uait chun na haonaid teochta a thaispeántar a shocrú.




Trí bhrú ar an roghchlár anuas in aice leis an rogha teanga reatha, osclófar liosta de na roghanna teanga atá ar fáil. Chun teanga nua a roghnú, teagmháigh an teanga atá uait ón liosta anuas.

Is féidir teacht ar an scáileán Stair an Eolais ar Úsáid Timthriallta tríd an gcnaipe “Úsáid Timthriallta” a roghnú. Taispeánfaidh sé na timthriallta roimhe seo a ritheadh ar an aonad agus is féidir scrolláil trí na saigheada ar thaobh na láimhe deise den scáileán. Ina theannta sin, beidh cnaipe “Siar” ann chun tú a thabhairt ar ais chuig an scáileán Roghnaigh Uirlis agus cnaipe “Scríos?” Spreagfaidh an cnaipe “Scríos?” foláireamh lena dheimhniú go bhfuil eolas an timthrialla roimhe seo scriosta.



Is féidir teacht ar an scáileán Cuir isteach Dáta & Am Nua tríd an gcnaipe “Dáta/Am” a roghnú. Ar an scáileán sin is féidir leat an dáta agus an t-am a roghnú ach scrolláil go dtí na luachanna atá uait. Tugann an scáileán seo an rogha freisin an dáta a scoránú air/as nó i bhformáid éagsúla, agus an fhormaid 12U AM/PM a scoránú as agus an t-am a thaispeáint san fhormaid 24U. Beidh cnaipe “Siar” ann freisin chun fillleadh ar an scáileán Roghnaigh Uirlis agus cnaipe “Deimhnigh” chun an dáta agus an t-am a roghnaigh tú a stóráil.



Is féidir teacht ar an scáileán Eolas faoin bhFeiste tríd an gcnaipe “Eolas faoin bhFeiste” a roghnú. Taispeánfaidh an scáileán sin méadrachtaí éagsúla faoin aonad agus a thimpeallacht. Is féidir leat nascleanúint a dhéanamh trí na méadrachtaí sin ag baint úsáid as na cnaipí saighde “Suas” agus “Síos” ar thaobh na láimhe deise den scáileán. Beidh cnaipe “Siar” ann freisin chun fillleadh ar an scáileán Roghnaigh Uirlis.

Déanann an cnaipe “Sonraí Foláirimh” nascleanúint chuig an scáileán sonraí Foláireamh stairiúil. Taispeánfaidh an scáileán sin na foláirimh a tharla don aonad sin. Is féidir leat nascleanúint a dhéanamh trí na foláirimh roimhe seo ag baint úsáid as na cnaipí saighde “Suas” agus “Síos” ar thaobh na láimhe deise den scáileán. Beidh cnaipe “Siar” ann freisin chun fillleadh ar an scáileán Roghnaigh Uirlis.

Má bhrúnn tú an deilbhín “Cúnaimh”, tiocfaidh tú chuig an Scáileán Cúnaimh. Beidh eolas ar an scáileán Cúnaimh maidir leis an bhfeiste atá le húsáid agus teagmháil á déanamh agat leis an dáileoir. Beidh cnaipe “Siar” ann freisin chun tú a thabhairt ar ais chuig an scáileán Roghnaigh Uirlis.

## 15 AIRE A THABHAIRT DO DO CHÓRAS THERM-X

### Glanadh

#### Feiste Therm-X

Ní gá an taobh istigh den Therm-X a ghlanadh; ní gá an fuarthán san umar a fholmhú agus a athrú.

Chun an taobh amuigh den fheiste a ghlanadh, glan an taobh amuigh le pillín glantacháin alcóil nó éadach bog coibhéiseach le hearra glantacháin éadroim. Ba chóir an fheiste a ghlanadh aon uair a dhéanann sí teagmháil le sreabháin choirp nó idir othair. Ná húsáid glantóirí tuaslagóra nó ábhair scríobacha.

Bain scaigaire na gríle seachtraí agus sruthlaigh é faoi uisce reatha fionnuar lena chinntiú nach dtiocfaidh dusta nó smionagar ar ghríle radaitheora na feiste Therm-X de réir mar is gá. Triomaigh go maith sula ndéanfaidh tú é a athshuiteáil.

#### Baill éadaigh

Féach ar Lámhleabhar an Bhaill Éadaigh aonair a tháinig le do bhall éadaigh le haghaidh treoracha glantacháin.

#### Píobán Imleacáin

Idir úsáidí, is féidir an píobán imleacáin a ghlanadh le pillín glantacháin alcóil nó éadach bog coibhéiseach le hearra glantacháin éadroim. Ná húsáid glantóirí tuaslagóra nó ábhair scríobacha chun an píobán imleacáin a ghlanadh.

### Stóráil

#### Feiste Therm-X



Ba chóir an fheiste a stóráil gan an fuarthán i raon teochta 0.6°C go 50.0°C i mbogthaise neamh-chomhdhlúthúcháin faoi bhun 60%. Ní mór feistí lena bhfuil fuarthán a stóráil os cionn 0°C.

Chun an t-aonad a dhraenáil, cas an t-aonad as ar dtús agus díphlugáil óna fhoirse leictreach é. Dícheangail na píobáin go léir ón aonad. Bain caipín taiscumair an fhuartháin den aonad trína chasadh tuathal. Ardaigh an t-aonad le do dhá lámh agus claon ar gcúl é chun an fuarthán a fholmhú isteach i mbuicéad nó i ndoirtéal. Lean leis an aonad a dhoirteadh go dtí go mbeidh an taiscumar ar fad folamh.

### Baill éadaigh

Is féidir baill éadaigh gan fuarthán a stóráil sa timpeallacht chéanna leis an bhfeiste, i raon teochta 0.6°C go 50.0°C i mbogthaise neamh-chomhdhlúthúcháin faoi bhun 60%. Ní mór baill éadaigh lena bhfuil fuarthán a stóráil os cionn 0°C.

## Diúscairt

### Feiste Therm-X

Is féidir an fheiste agus comhpháirteanna na feiste a dhiúscairt de réir na rialachán áitiúil.

### Baill éadaigh

Is féidir baill éadaigh a dhiúscairt de réir na rialachán áitiúil.

## Saolré Ionchasach Seirbhíse













### Feiste Therm-X

Tá saolré ionchasach seirbhíse 2000 uair an chloig ag an bhfeiste agus ag comhpháirteanna na feiste.

# 16 FOLÁIRIMH

Is féidir leis an tábla thíos tú a threorú trí fholáirimh fhéideartha a d'fhéadfá a fheiceáil agus d'fheiste Therm-X AT á húsáid agat.

|  |   |   |  |
|--|---|---|--|
| <p>12:30   2023-11-10</p>  <p>ALERT! Air pressure is higher than expected. Unkink the hose or garment.</p>   | <p>Cinntigh nach bhfuil an píobán imleacáin lúbtha. Dícheangail agus athcheangail an ball éadaigh leis an úsáideoir.</p>  | <p>12:30   2023-11-10</p>  <p>ALERT! Radiator coolant pump not functioning as expected. Contact distributor.</p>  | <p>Tarlaíonn an foláireamh sin nuair nach bhfuil caidéal fuartháin an radaitheora ag feidhmiú i gceart. Atosaigh an fheiste. Má leanann an foláireamh ar aghaidh, déan teagmháil leis an dáileoir.</p> |
| <p>12:30   2023-11-10</p>  <p>ALERT! Air pressure not releasing as expected. Remove the garment. Contact distributor.</p>   | <p>Bain na baill éadaigh go léir. Atosaigh an fheiste agus athcheangail na baill éadaigh. Má leanann an foláireamh ar aghaidh, déan teagmháil leis an dáileoir.</p>                             | <p>12:30   2023-11-10</p>  <p>ALERT! Garment or hose is not firmly attached. Rewrap garment and reattach hose connections until a "click" is heard.</p>        | <p>Cinntigh go bhfuil an píobán imleacáin ceangailte go daingean den bhall éadaigh agus de cheann na feiste. Dícheangail agus athcheangail an ball éadaigh leis an úsáideoir. Atosaigh an fheiste.</p> |
| <p>12:30   2023-11-10</p>  <p>ALERT! Air temperature in device is higher than expected. Ensure air flow through sides of the Therm-X is unobstructed. Fill tank completely to line and check for blocked airflow.</p> | <p>Tarlaíonn an foláireamh sin nuair a bhíonn teocht an aeir san fheiste níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis. Cinntigh nach bhfuil bac ar na gaothairí ar ceachtar taobh den Therm-X.</p> | <p>12:30   2023-11-10</p>  <p>ALERT! Garment loose or air pump not functioning. Rewrap garment firmly and retry. If problem persists, contact distributor.</p> | <p>Dícheangail agus athcheangail na baill éadaigh leis an úsáideoir. Atosaigh an fheiste. Má leanann an foláireamh ar aghaidh, déan teagmháil leis an dáileoir.</p>                                    |
| <p>12:30   2023-11-10</p>  <p>ALERT! Coolant level is too low. Refill the coolant tank with the Therm-X coolant.</p>  | <p>Tarlaíonn an foláireamh sin nuair a bhraitheann an Therm-X go bhfuil leibhéal an leachta san fheiste íseal. Athlín umar na feiste chun déileáil leis an bhfadhb.</p>                         | <p>12:30   2023-11-10</p>  <p>ALERT! Garment water pressure sensor is out of range. Contact distributor.</p>   | <p>Cinntigh go bhfuil an píobán imleacáin ceangailte go daingean den bhall éadaigh agus de cheann na feiste. Dícheangail agus athcheangail an ball éadaigh leis an úsáideoir. Atosaigh an fheiste.</p> |

|  |  |   |   |
|--|--|---|---|
| <p>12:30   2023-11-10</p> <p></p> <p>ALERT! Cooling or heating is not activating as expected. Contact distributor.</p>        | <p></p> <p>Tarlaíonn an foláireamh sin nuair nach bhfuil an fheiste ag fuarú nó ag téamh mar a bhíodas ag súil leis.<br/>Atosaigh an fheiste.<br/>Má leanann an foláireamh ar aghaidh, déan teagmháil leis an dáileoir.</p>                 | <p>12:30   2023-11-10</p> <p></p> <p>ALERT! Power supply voltage out of range. Contact distributor.</p>  | <p></p> <p>Tarlaíonn an foláireamh sin nuair a bhíonn an soláthar cumhachta lasmuigh den raon measta.<br/>Atosaigh an fheiste.<br/>Má leanann an foláireamh ar aghaidh, déan teagmháil leis an dáileoir.</p>           |
| <p>12:30   2023-11-10</p> <p></p> <p>ALERT! Exceeded maximum number of password attempts. Unplug and repower the machine.</p> | <p></p> <p>Tarlaíonn an foláireamh sin nuair a theipeann ar an iomarca iarrachtaí pasfhocail.<br/>Cuir as agus atosaigh é chun é a dhíghlasáil. Ná déan iarracht rochtain a fháil ar lúb an phasfhocail murar úsáideoir deimhnithe thú.</p> | <p>12:30   2023-11-10</p> <p></p> <p>ALERT! Room temperature is out of bounds. Use Therm-X in 60 °F to 80 °F room. Humidity must be below 60%.</p> | <p></p> <p>Tarlaíonn an foláireamh sin nuair a úsáidtear an Therm-X i seomra lasmuigh den raon teochta a theastaíonn.<br/>Cinntigh go bhfuil an fheiste á húsáid agat laistigh den raon teochta a theastaíonn.</p>     |
| <p>12:30   2023-11-10</p> <p></p> <p>ALERT! Garment coolant pump not functioning as expected. Contact distributor.</p>        | <p></p> <p>Tarlaíonn an foláireamh sin nuair nach bhfuil caidéal fuartháin an bhaill éadaigh ag feidhmiú i gceart.<br/>Atosaigh an fheiste.<br/>Má leanann an foláireamh ar aghaidh, déan teagmháil leis an dáileoir.</p>                   | <p>12:30   2023-11-10</p> <p></p> <p>ALERT! Temperature sensor out of bounds. Contact distributor.</p>   | <p></p> <p>Tarlaíonn an foláireamh sin nuair atá an braiteoir teochta ag léamh teocht nach rabhtas ag súil léi.<br/>Atosaigh an fheiste.<br/>Má leanann an foláireamh ar aghaidh, déan teagmháil leis an dáileoir.</p> |

## 17 OIRIÚINTÍ AGUS PÁIRTEANNA ATHSHOLÁTHAIR

Is féidir páirteanna athsholáthair a ordú ach teagmháil a dhéanamh le Kinetec S.A.S. ag:

**contact@kinetec.fr**  
**+33.3.24.29.85.05**

### Oiriúintí na Feiste

| Uimhir na Samhla | Cur Síos   |
|------------------|--|
| TX1206P          | <b>Fuarthán Therm-X</b> – An fuarthán a mholtar lena úsáid san fheiste Therm-X   |
| TX0208           | <b>Píobán Imleacáin Roinnte</b> – Píobán chun cóireáil chomhuaineach a dhéanamh ar bheirt othar nó ar dhá réigiún anatamaíocha |
| TX0202           | <b>Cás Iompair</b> – An cás iompair do d'fheiste Therm-X   |
| TX0109           | <b>Strapaí Sínte Therm-X</b> - Strapaí crúca agus lúibe fabraice chun fad iomlán strapaí na mball éadaigh a mhéadú             |





















### Baill éadaigh

| Uimhir na Samhla | Cur Síos  |
|------------------|---|
| TX0101           | <b>Ball Éadaigh Teirmeach Gualainne</b> – An ball éadaigh teirmeach il-othar atá deartha do do ghualainn            |
| TX0102           | <b>Ball Éadaigh Teirmeach Glúine</b> – An ball éadaigh teirmeach il-othar atá deartha do do ghlúin                  |
| TX0103           | <b>Ball Éadaigh Teirmeach Uillinne</b> – An ball éadaigh teirmeach il-othar atá deartha do d'uillinn                |
| TX0104           | <b>Ball Éadaigh Teirmeach Murnáin</b> – An ball éadaigh teirmeach il-othar atá deartha do do mhurnán                |
| TX0105           | <b>Ball Éadaigh Teirmeach Droma</b> – An ball éadaigh teirmeach il-othar atá deartha do do dhrom                    |
| TX0108           | <b>Ball Éadaigh Teirmeach Cromáin</b> – An ball éadaigh teirmeach il-othar atá deartha do do chromán                |
| TX0110           | <b>Ball Éadaigh Teirmeach Gualainne XL</b> – An ball éadaigh teirmeach il-othar an-mhór atá deartha do do ghualainn |
| TX0111           | <b>Ball Éadaigh Teirmeach Leathchoise</b> – An ball éadaigh teirmeach il-othar atá deartha do bhun do choise        |
| TX0112           | <b>Ball Éadaigh Teirmeach Láimhe</b> – An ball éadaigh teirmeach il-othar atá deartha do do lámh/rosta              |

## 18 ACRAINMNEACHA AGUS SAINMHÍNITHE

| Acraim/ Téarma       | Sainmhíniú  |
|----------------------|---|
| ESD                  | Díluchtú leictreastatach  |
| IFU                  | Treoracha Úsáide  |
| RF                   | Radaimhnicíocht   |
| Úsáideoir Deimhnithe | Úsáideoir ag a bhfuil an cumas timthriallta cóireála a chruthú nó a mhodhnú |

## 19 SIOMBAILÍ AGUS GIORRÚCHÁIN AR AN TÁIRGE AGUS AR AN BPACÁISTIÚ

| Siombail/Téarma   | Tábhacht  | Siombail/Téarma  | Tábhacht  |
|---|---|--|---|
| A   | Aimpéar   | VA   | Voltaimpéar (cumhacht)  |
| Hz  | Heirts  | V~/VAC   | Sruth ailtéamach  |
| IP21  | Céim na cosanta ar:<br>Teagmháil le méaraí agus rudaí le $\varnothing \geq 12.5$ mm<br>Ní bheidh aon éifeacht dhíobhálach ag braonta a thiteann go hingearach |    | Lipéad aitheantais  |
| VDC   | Sruth díreach   |    | Sruth SD  |
|   | Uimhir an táirge  |   | Feiste Leighis  |
|  | Sraithuimhir  |  | Aitheantóir Uathúil Feiste  |
|  | Uimhir na baisce  |  | Foláireamh! Tá rabhaidh agus agus réamhchúraimí sonracha ann a bhaineann leis an bhfeiste seo       |
|  | Monaróir  |  | Dáta Monaraithe (BBBB-MM-LL)  |
|  | Lean na treoracha úsáide  |  | Féach na treoracha úsáide   |
|  | Cnaipe Air/As   |  | Foláireamh: Leis an dlí feidearálach, ní do lia an fheiste seo a dhíol nó í a dhíol ar ordú ó lia   |
|  | Teorainn Teochta (Caithfidh an teocht a bheith idir 15.6°C agus 26.7°C)   |  | Cuid fhorchurtha Chineál BF   |
|  | Teorannú Bogthaise (Caithfidh an bhogthaise a bheith faoi bhun 60%)   |  | Teorannú ar bhrú atmaisféarach (Caithfidh an brú atmaisféarach a bheith idir 700 hPa agus 1060 hPa) |
|  | Ionadaí AE (Ionadaí Údaraithe sa Chomhphobal Eorpach)   |  | Marc CE - Comhréireacht Eorpach   |

## 20 SONRAÍOCHTAÍ TÁIRGE AGUS SONRAÍ TEICNIÚLA

### Sonraíochtaí Feidhmiúla na Feiste

| Paraiméadar                                 | Luach  |
|---|--|
| <b>Raon Teochta na Teiripe Fuaire</b>       |  |
| Réamhshocraithe                             | 1.5°C, 7.0°C nó 12.0°C   |
| Saincheaptha                                | 1.5°C - 12.0°C   |
| <b>Raon Teochta na Teiripe Teasa</b>        |  |
| Réamhshocraithe                             | 40.5°C, 41.5°C nó 43.0°C   |
| Saincheaptha                                | 40.5°C - 43.0°C  |
| <b>Fad an Timthrialla</b>                   |  |
| Réamhshocraithe                             | 10 nó 20 nóiméad   |
| Saincheaptha                                | 3-40 nóiméad   |
| <b>Raon Teochta na Teiripe Codarsnachta</b> |  |
| Teocht                                      | Athraíonn sé idir 3.5°C agus 40.5°C  |
| Fad an Timthrialla                          | Fuar: 3-10 nóiméad, Teas: 3-10 nóiméad, lomlán: 6-60 nóiméad   |
| <b>Raon Brú Éidéime</b>                     |  |
| Casta As                                    | 0 mm Hg  |
| Éadrom                                      | 5 mm Hg  |
| Íseal                                       | 20 mm Hg   |
| Meánach                                     | 45 mm Hg   |
| Ard   | 70 mm Hg   |
| <b>Teocht Tomhaiste Craicinn</b>            |  |
| Teocht Uasta Craicinn                       | Tomhaistear teocht an chraicinn chomh hard le 42°C nuair a shocraítear í go dtí pointe socraithe uasta an Taiscumair Teasa ar feadh fad timthrialla 40 nóiméad 43.0°C      |
| Teocht Íosta Craicinn                       | Tomhaistear Teocht an Chraicinn chomh híseal le 9.24° C nuair a shocraítear í go dtí pointe socraithe íosta an Taiscumair Fhuair ar feadh fad timthrialla 40 nóiméad 1.5°C |

### Sonraíochtaí Fisiceacha na Feiste

| Paraiméadar  | Luach   |
|--|---|
| <b>Toisí na Feiste</b>   |   |
| Toisí (F x L x A)  | 0.254 m x 0.229 m x 0.381 m   |
| Meáchan  | 6.4 kg ar a mhéad nuair atá sé folamh agus 6.8 kg ar a mhéad nuair atá sreabhán ann.  |
| <b>Píobán Imleacáin (le Therm-X AT)</b>  |   |
| Fad  | 1.5 m +/- 0.2 m   |
| Cineál   | Nascóir 3-in-1 le haghaidh baill éadaigh il-othar   |
| <b>Píobán Imleacáin Roinnte (ceannaithe ar as féin)</b>                                |   |
| Fad  | Píobán 0.3 m ceangailte le dhá chuid scoite de pháibán 1.2 m +/- 0.2 m  |
| Cineál   | Dhá nascóir 3-in-1 le haghaidh baill éadaigh il-othar   |
| <b>Aicmithe</b>  |   |
| Eolas faoi aicmiú IEC 60601-1  |   |
| Aicme cosanta ar thurraing leictreach  | II  |
| Modh oibríochta  | Leanúnach   |
| Cosaint ar theagmháil de thimpiste agus ar iontráil comhlachtaí coimhthíocha soladacha | IP21  |
| Cosaint ar threá leachtanna  | Céim na cosanta ar:<br>Teagmháil le méaraí agus rudaí le $\varnothing \geq 12.5$ mm<br>Ní bheidh aon éifeacht dhíobhálach ag braonta a thiteann go hingearach |
| Céim na sábháilteachta ar ainéistéitic inlasta nó ocsaigin:                            | Níl sé oiriúnach lena úsáid i dtimpeallacht atá saibhrithe le hocsáigin nó ina bhfuil ainéistéitic inlasta  |
| <b>Soláthar Cumhachta</b>  |   |
| Fad  | 2m ±35mm  |
| Cineál   | Comhlíonann sé grád leighis IEC 60601-1, 2x MOPP  |
| Voltas Líne:   | 100 V SA – 240 V SA   |
| Minicíocht:  | 50-60 Hz (uathoibríoch)   |
| <b>Fuarthán</b>  |   |
| Foimlíú  | 90% Uisce Driogtha, 10% Alcól Iseapróipile  |
| <b>Caighdeáin</b>  |   |

| Paraiméadar                | Luach  |
|----------------------------|--|
| Sábháilteacht struchtúrach | IEC 60601-1  |
| EMC                        | IEC 60601-1-2  |
| Trasnaíocht a chosc        | EN 55011: Aicme B  |
| Seasamh ar thrasnaíocht    | IEC 61000-3, Cuid 2, Cuid 3<br>IEC 61000-4, Codanna 2-6, Cuid 8, Cuid 11 |

## Sonraíochtaí an Bhaill Éadaigh

| Paraiméadar                              | Luach   |
|--|---|
| Cineál na coda forchurtha                | BF  |
| Ábhar a dhéanann teagmháil leis an othar | Ball Éadaigh Teirmeach II-othar: Níolón 30 Denier Ripstop atá brataithe in úiréatán |

## Dálaí Timpeallachta chun d'fheiste Therm-X a Oibriú

|                         | Raon Teochta     | Bogthaise                             | Brú Atmaisféarach  |
|-------------------------|------------------|---------------------------------------|--------------------|
| I mbun oibriúcháin      | 15.6°C go 26.7°C | Faoi bhun 60% neamh-chomhdhlúthúcháin | 700 hPa – 1060 hPa |
| Le linn stórála/iompair | 0.6°C go 50.0°C  | Faoi bhun 60% neamh-chomhdhlúthúcháin | 700 hPa – 1060 hPa |

## 21 FRITÁSCA

### Teiripe Chomhbhrúite Neomataigh

**Ná húsáid an fheiste gan oideas ó chleachtóir cúraim sláinte ceadúnaithe.**

NÓTA: Ní mór an t-am, an raon teochta, an brú, an fad agus minicíocht úsáide na feiste a thaispeáint ar an oideas. Bí cinnte go mbeidh tuiscint iomlán agat ar conas an fheiste a úsáid sula dtosóidh tú.

NÍOR cheart don othar an córas teiripe a úsáid má tá amhras ann go bhfuil aon cheann de na riochtaí seo a leanas ar an othar cheana nó má fheictear go bhfuil aon cheann de na riochtaí seo a leanas ar an othar cheana.

- Fianaise thoirmeach ar chliseadh plúchtach croí
- Fadhb DVT atá ann cheana
- Géarthrombóis dhomhainfhéitheach (Fleibeathrombóis)
- Próiseas fleibítis athlastaigh
- Babhtaí eambólachta scamhóige
- Éidíme scamhógach
- Géar-athlasadh na bhféitheach (Trombaifléibíteas)
- Neamhleorgacht croí dhíchúitithe
- Mírialú artaireach
- Ruachtach
- Carcanóma agus meiteastáis charcanóma sa ghéag lena mbaineann
- Hipeartóine dhíchúitithe
- Géarghalair nó ionfhabhtú athlastach craicinn
- Galar oclúideach féitheach nó artaireach
- Ní theastaíonn fillleadh féitheach nó limfeach
- Droch-imshruthú forimeallach fola
- Artairiscléaróis throm, nó ionfhabhtú gníomhach

### Fritásca le haghaidh Teiripe Theasa agus Teiripe Fhuar

**Ná húsáid an fheiste gan oideas ó chleachtóir cúraim sláinte ceadúnaithe.**

NÓTA: Ní mór an t-am, an raon teochta, an brú, an fad agus minicíocht úsáide na feiste a thaispeáint ar an oideas. Bí cinnte go mbeidh tuiscint iomlán agat ar conas an fheiste a úsáid sula dtosóidh tú.

NÍOR cheart don othar an córas teiripe a úsáid má tá amhras ann go bhfuil aon cheann de na riochtaí seo a leanas ar an othar cheana nó má fheictear go bhfuil aon cheann de na riochtaí seo a leanas ar an othar cheana.

Ná húsáid ar othair ar a bhfuil feiniméan Raynaud nó riochtaí vasaspasacha eile, ailléirge fuachta, neamhoird aglúitainine fuachta amhail hemoglobínuria fuachta taomghoinideach, galar Buerger, fuachtáin cryoglobulinemia, anéime chorráncheallach, diaibéiteas, hipiríogaireacht i leith fuachta nó teasa, stair ar ghortú fuachta, galar tromchúiseach cardashoithíoch, craiceann ainéistéiseach, neamhoird hipearthéachta, droch-imshruthú fola, géaga atá íogair i leith péine, brú fola thar a bheith íseal atá éagumasaithe, íogaireacht laghdaithe craicinn, ceangal féitheach nó nódu cnis le déanaí, nó faecrómaiciótóma.

Agus an fheiste á húsáid agat, ba cheart duit riocht an chraicinn a sheiceáil gach uair an chloig le haghaidh deargadh méadaithe, dídhathú, tochas, at, spuaiceanna, greannú agus athruithe eile. Má tharlaíonn aon riochtaí neamhghnácha, ná húsáid Therm-X a thuilleadh agus déan teagmháil le do dhochtóir.

Bíodh an-chúramach maidir le leanaí faoi 12, úsáideoirí atá ag iompar clainne, neamhoird hipearthéachta, diaibéiteas, néarapaite, riochtaí airtríteacha, galar soithíoch forimeallach diaibéitis, agus othair ag a bhfuil íogaireacht laghdaithe craicinn laghdaithe.

Seiceáil an bhfuil taise ar bhall éadaigh na teiripe sula gcuirfear ar an gcráiceann é. Bain aon taise roimh úsáid.

Ní mór do na hothair seo a leanas Therm-X a úsáid le haghaidh teiripe teochta faoi mhaoirseacht dochtúra sna cásanna seo a leanas:

- Othair nach bhfuil a mbaill fhorimeallacha íogair i leith péine
- Othair a bhfuil brú fola an-íseal orthu
- Othair ar a bhfuil galar Raynaud
- Hipiríogaireacht i leith fuachta
- Leanáí faoi 12
- Diaibéitigh
- Othair éagumasaithe
- Othair a bhfuil íogaireacht laghdaithe craicinn orthu
- Othair a bhfuil droch-imshruthú fola acu
- Othair a ndearnadh ceangal féitheach nó nódú cnis orthu le déanaí

## 22 RÉAMHCHÚRAIMÍ AGUS RABHAIDH GHINEARÁLTA

### Réamhchúraimí

Agus an Therm-X á úsáid, ba cheart réamhchúraimí bunúsacha sábháilteachta a leanúint i gcónaí chun an baol dóiteáin, turraing leictreach agus gortú pearsanta a laghdú. Léigh an lámhleabhar ar fad go cúramach sula ndéanfaidh tú iarracht an t-aonad a oibriú. I measc na réamhchúraimí tá:

- Ná brúigh rudaí de chineál ar bith isteach in Therm-X tríd an gcás seachtrach.
- Ná doirt leacht de chineál ar bith ar Therm-X. Má tharlaíonn doirteadh, glan láithreach é.
- Ná déan umar Therm-X a rólíonadh - ná líon ach go dtí an líne dhearg taobh istigh den scóig líonta.
- Má éiríonn Therm-X fliuch, díphlugáil ón mballa é, cuimil an dromchla lasmuigh le héadach tirim, agus lig dó triomú sula n-úsáidfear é.
- Ná hoibrigh Therm-X ach leis an gcorda cumhachta agus leis an tsamhail soláthair cumhachta a sholáthraítear.
- Díphlugáil an Therm-X ón soicéad balla (príomhlíonra) mura bhfuil sé in úsáid.
- Ná húsáid Therm-X má tá aon damáiste fisiceach le feiceáil air nó má tá leacht ag síleadh uaidh.
- Ná hoibrigh Therm-X le corda cumhachta damáistithe nó caite.
- Tá sé beartaithe go n-úsáidfear Therm-X faoi dhíon. Níl sé beartaithe Therm-X a úsáid i dtimpeallacht fhliuch nó nuair atá an bhogthaise choibhneasta níos mó ná 60%.
- Ná spraeáil aon tuaslagóirí uisce nó glantóirí ar an Therm-X.
- Ná lig do Therm-X titim nó ná lig dó imbhuailt le haon rud.
- Ná tarraing cordaí nó píobáin atá ceangailte le Therm-X nó ná cuir strus míchuí ar Therm-X ar bhealach ar bith eile.
- Ná húsáid in aice le trealamh a ghineann trasnaíochtaí leictreamaighnéadacha nó trasnaíochtaí eile mar go bhféadfadh sé sin damáiste a dhéanamh don Therm-X.
- Ná caith tobac nó ná húsáid baill éadaigh in aice le lasair oscailte.
- Ná cuir méar nó aon earraí coimhthíocha eile isteach san umar.
- Ná hól agus ná hionghabh an fuarthán.
- Cinntigh nach bhfuil bac ar ghaothairí taoibh an Therm-X. Bain úsáid as aer combhbrúite chun dusta a bhaint as na gaothairí uair sa bhliain.

### Rabhaidh

- ⚠ Má tharlaíonn at neamhghnách, dídhathú craicinn nó míchompord, ná húsáid Therm-X a thuilleadh agus téigh i gcomhairle le do ghairmí cúraim sláinte.
- ⚠ Lean treoracha ordaithe do ghairmí cúraim sláinte maidir le réim (réimeanna), réigiún, minicíocht agus fad na cóireála.
- ⚠ Ní mór do chleachtóirí cúraim sláinte ceadúnaithe an réim cheart a roghnú lena úsáid.
- ⚠ Bíonn difríochtaí idir íogaireacht othar i leith fuachta. Déan seiceálacha rialta ar chompord an othair.
- ⚠ Is gairmí cúraim sláinte a bhfuil cur amach aige nó aici ar a gcuspóir a chaithfidh na baill éadaigh teiripe a roghnú ar dtús.
- ⚠ Ná cuir ball éadaigh na teiripe chomh teann sin go gcuirfear srian ar shreabhadh fola nó sreabháin.
- ⚠ Ná húsáid ach baill éadaigh teiripe atá ceadaithe ag Zenith Technical Innovations, LLC.
- ⚠ Níl baill éadaigh teiripe steiriúil mura bhfuil lipéad steiriúil orthu go sonrach.
- ⚠ Níor cheart baill éadaigh teiripe neamh-steiriúla a chur go díreach ar chréacht oscailte nó ar chraiceann briste.
- ⚠ Ná húsáid ach baill éadaigh teiripe steiriúla thar chréachtaí nó thar bhriseadh sa chraiceann.
- ⚠ Tá gairmí cúraim sláinte freagrach as treoracha rabhaidh agus réamhchúraimí a sholáthar do ghairmithe cúraim sláinte eile, do sholáthraithe cúraim a bhfuil baint acu le cúram an othair, agus don othar.
- ⚠ Ní mór don soláthraí cúraim sláinte monatóireacht a dhéanamh ar úsáid an othair as Therm-X, ag cinntiú go n-úsáidfear é go cuí agus go gcuirfear na teiripí go léir go cuí.
- ⚠ Ní mór baill éadaigh il-othar a ghlanadh agus a dhíghalrú mar a leagtar amach sa chuid ghlantacháin de IFU gach baill éadaigh. D'fhéadfadh rioscaí ionfhabhtaithe a bheith mar thoradh ar bhaill éadaigh a úsáid le hothair iomadúla gan é a ghlanadh agus a dhíghalrú go cuí.

- ⚠ Ba chóir baill éadaigh a iniúchadh do gach chóireáil maidir le glaineacht agus damáiste. Ná húsáid ball éadaigh má tá comharthaí damáiste ann mar go bhféadfadh an ball éadaigh sceitheadh. Má tá an ball éadaigh salach, glan é mar a léirítear sa chuid ghiantacháin de IFU gach baill éadaigh.
- ⚠ Ná déan iarracht Therm-X nó baill éadaigh teiripe a steiriliú ar bhealach ar bith.
- ⚠ Ba chóir cóirithe a úsáidtear faoi bhall éadaigh na teiripe a chur go héadrom.
- ⚠ Ná lig do bhall éadaigh na teiripe nó don phóibán imleacáin teagmháil a dhéanamh le rudaí géara a d'fhéadfadh iad a pholladh.
- ⚠ Cinntigh go gcuirfean an fáisceán teiripe ina áit i gceart sula dtosófar aon teiripe. Má ligtear don fháisceán teannadh mura gcuirtear ina áit i gceart é, d'fhéadfadh an fáisceán líonadh agus d'fhéadfaí damáiste a dhéanamh don fháisceán.
- ⚠ Cuir stop láithreach le teiripe chomhbhrúite má bhíonn aon mhíchompord, mairbhe nó crith i do ghéag.
- ⚠ Ná húsáid ach an fuarthán ceadaithe a mholtar do Therm-X.
- ⚠ Ní mór gach teiripe ina n-úsáidtear comhbhrú a chasadh AS nuair a bhainfean an fáisceán den othar.
- ⚠ Ná hól agus ná hionghabh an fuarthán.
- ⚠ Ná cuir earraí coimhthíocha isteach san umar fuartháin.
- ⚠ Ná caith tobac agus tú ag úsáid baill éadaigh teiripe nó ná húsáid baill éadaigh in aice le lasair oscailte.
- ⚠ Cuirtear slótáin agus oscailtí sa chonsól ar fáil chun críche aerála chun an t-aonad a chosaint ar róthéamh. Níor cheart bac a chur ar na hoscailtí sin ná iad a chlúdach ag am ar bith.
- ⚠ Níl an Therm-X beartaithe lena úsáid ach i dtimpeallacht 15.6°C-26.7 °C le taise níos ísle ná 60%.
- ⚠ Ní cheart an Therm-X a úsáid i spás teoranta; cinntigh gur féidir sreabhadh leordhóthanach air a choinneáil trí thaobh an aonaid.
- ⚠ Níor cheart an trealamh seo a úsáid in aice le trealamh eile nó cartha ar threalamh eile toisc go bhféadfadh sé nach n-oibreoidh seo mar is cuí. Más gá é a úsáid mar sin, ba cheart an trealamh seo agus an trealamh eile a bhreathnú lena fhíorú go bhfuil siad ag feidhmiú mar is gnách.
- ⚠ D'fhéadfadh astaíochtaí leictreamaighnéadacha méadaithe nó imdhíonacht laghdaithe leictreamaighnéadach an trealamh seo a bheith mar thoradh ar úsáid oiriúintí, trasduchtóirí agus cáblaí seachas na cinn a shonraíonn nó a sholáthraíonn monaróir an trealamh seo agus d'fhéadfadh oibriú míchuí a bheith mar thoradh air sin.
- ⚠ Níor cheart trealamh cumarsáide RF iniompartha (lena n-áirítear aonaid fhorimeallacha amhail cáblaí aeróige agus aeróga seachtracha) a úsáid níos gaire ná 30 cm (12 orlach) d'aon chuid den Therm-X, lena n-áirítear cáblaí ama sonrú ag an monaróir. Seachas sin, d'fhéadfadh sé go ndéanfaí díghrádú ar fheidhmíocht an trealamh seo.
- ⚠ D'fhéadfadh bolgáin air atá gafa i gcóras an aonaid tionchar diúltach a imirt ar fheidhmíocht an Therm-X.
- ⚠ Ná húsáid glantóirí scríobacha nó glantóirí tuaslagóra ar an aonad.
- ⚠ Breathnaigh ar na lipéid rabhaidh agus foláirimh go léir. Ná bain na lipéid.
- ⚠ Úsáid go cúramach. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le dónna tromchúiseacha. Ná húsáid thar réigiúin de chraiceann mín nó i gcás droch-imshruthlú fola. D'fhéadfadh sé a bheith contúirteach do leanaí nó do dhaoine éagumasaithe Therm-X a úsáid gan aon duine ina bhun.
- ⚠ Ná déan iarracht an Therm-X a mhodhnú. Tá seirbhís agus cothabháil teoranta do phearsanra seirbhíse údaraithe amháin.

## Comhoiriúnacht Leictreamaighnéadach (EMC)

**Tábla 1. Dearbhú maidir le hAstaíochtaí Leictreamaighnéadacha**


| Dearbhú – Astaíochtaí Leictreamaighnéadacha   |             |   |
|---|-------------|---|
| Tá Therm-X beartaithe lena úsáid sa timpeallacht leictreamaighnéadach a shonraítear thíos. Ba cheart don chustaiméir nó d'úsáideoir Therm-X a dhearbhu go n-úsáidtear é i dtimpeallacht den sórt sin. |             |   |
| Tástáil Astaíochtaí   | Comhlíonadh | Timpeallacht Leictreamaighnéadach – Treoir  |
| Astaíochtaí RF CISPR 11   | Grúpa 1     | Ní úsáideann Therm-X fuinneamh RF ach dá fheidhm inmheánach amháin. Dá bhrí sin, tá a astaíochtaí RF an-íseal, agus ní dócha go mbeidh siad ina gcúis le haon trasnaíocht i dtrealamh leictreonaic in aice láimhe.                |
| Astaíochtaí RF CISPR 11   | Aicme B     | Tá Therm-X oiriúnach lena úsáid i ngach foras lena n-áirítear forais tís agus na cinn sin atá nasctha go díreach leis an ngréasán poiblí soláthair cumhachta ísealvoltais a sholáthraíonn foirgnimh a úsáidtear chun críocha tís. |
| Astaíochtaí armónacha IEC 61000-3-2   | Aicme A     |   |
| Astaíochtaí luaineachtaí/ preabtha voltais IEC 61000-3-3  | Comhlíonann |   |

**Tábla 2. Dearbhú maidir le hImdhíonacht Leictreamaighnéadach I**

| Dearbhú – Imdhíonacht Leictreamaighnéadach  |   |   |  |
|---|---|---|--|
| Tá Therm-X beartaithe lena úsáid sa timpeallacht leictreamaighnéadach a shonraítear thíos. Ba cheart don chustaiméir nó d'úsáideoir Therm-X a dhearbhu go n-úsáidtear é i dtimpeallacht den sórt sin. |   |   |  |
| Tástáil Imdhíonachta  | Leibhéal Tástála IEC 60601              | Leibhéal Comhlíonta                     | Timpeallacht Leictreamaighnéadach – Treoir   |
| Díluchtú leictreastatach (ESD) EN61000-4-2 (IEC 1000-4-2)   | ±8 kV teagmháil<br>±2, 4, 8, 15, kV aer | ±8 kV teagmháil<br>±2, 4, 8, 15, kV aer | Ba chóir go mbeadh na hurláir déanta as adhmaid, coincréit nó tíl cheirmeach. Má tá urláir clúdaithe le hábhar sintéiseach, ba chóir go mbeadh an bhogthaise choibhneasta 30% ar a laghad. |

|   |  |  |   |
|---|--|--|---|
| Pléasc/neamhbhuan thapa leictreach<br>EN61000-4-4 (IEC 1000-4-4)  | ±2 kV le haghaidh línte soláthair cumhachta<br>±1 kV le haghaidh línte ionchuir/aschuir  | ±2 kV le haghaidh línte soláthair cumhachta  | Ba chóir go mbeadh cáilíocht chumhacht an príomhlíonra ar aon dul le gnáth-thimpeallacht tráchtála nó ospidéal.   |
| Borradh<br>EN61000-4-5 (IEC 1000-4-5)   | ±0.5, 1 kV líne go líne<br>±0.5, 1.2 kV líne-go-talamh   | ±0.5, 1 kV líne go líne<br>±0.5, 1.2 kV líne-go-talamh   | Ba chóir go mbeadh cáilíocht chumhacht an príomhlíonra ar aon dul le gnáth-thimpeallacht tráchtála nó ospidéal.   |
| Ísliú voltais, bristeacha gearra agus éagsúlachtaí voltais ar línte ionchuir soláthair cumhachta.<br>IEC 61000-4-11 | 0% UT, 0.5 timthriall ag 0 céim, 45 céim, 90, 135d, 180, 225, 270, agus 315<br>0% UT, 1 timthriall ag 0 céim<br>70% UT, 25/30 timthriall ag 0 céim<br>0% UT 250/300 timthriall | 0% UT, 0.5 timthriall ag 0 céim, 45 céim, 90, 135d, 180, 225, 270, agus 315<br>0% UT, 1 timthriall ag 0 céim<br>70% UT, 25/30 timthriall ag 0 céim<br>0% UT 250/300 timthriall | Ba chóir go mbeadh cáilíocht chumhacht an príomhlíonra ar aon dul le gnáth-thimpeallacht tráchtála nó ospidéal. Má theastaíonn oibriú leanúnach ó úsáideoir Therm-X le linn briseadh príomhlíonra cumhachta, moltar go gcuirfí cumhacht in Therm-X ó sholáthar cumhachta gan bhriseadh nó ó cheallra. |
| Minicíocht chumhachta (50/60 Hz)<br>Réimse maighnéadach<br>IEC 61000-4-8  | 30 A/m   | 30 A/m   | Ba chóir go mbeadh réimsí maighnéadacha minicíochta cumhachta ar leibhéal atá ina saintréith de ghnáthshuíomh i ngnáth-thimpeallacht tráchtála nó ospidéal.   |
| Nóta: Is é UT an voltas príomhlíonra sula gcuirtear an leibhéal tástála i bhfeidhm.                                 |  |  |   |

**Tábla 3. Dearbhú maidir le hImdhíonacht Leictreamaighnéadach II**





| Dearbhú – Imdhíonacht Leictreamaighnéadach  |  |   |   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
|---|--|---|---|---------------------|----------------|--------------------|-----------------------|---------------|---------------------|-----|-----|--|---|-----|-----|------------|-----------|-----|----|-----|------------|-------------------|---|----|-----|------------|-----------------|-----|---|-----|-----|-----|------------|--|---|----|-----|-----|-------|----------------|---|---|----|-------|-------|-------|----------------|--|---|----|-------|----------------|-----------------|-----|---|-------|-------|
| Tá Therm-X beartaithe lena úsáid sa timpeallacht leictreamaighnéadach a shonraítear thíos. Ba cheart don chustaiméir nó d'úsáideoir Therm-X a dhearbhu go n-úsáidtear é i dtimpeallacht den sórt sin. |  |   |   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| Tástáil Imdhíonachta  | Leibhéal Tástála IEC 60601   | Leibhéal Comhlíonta   | Timpeallacht Leictreamaighnéadach – Treoir  |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| RF seolta<br>IEC 61000-4-6  | 2V 150kHz go 80 MHz<br>6 V ISM agus bandaí raidió amaitéara  | 2V 150kHz go 80 MHz<br>6 V ISM agus bandaí raidió amaitéara     | Níor cheart trealamh cumarsáide RF iniompartha agus soghluaiste a úsáid níos gaire d'aon chuid de Therm-X, lena n-áirítear cáblaí, ná an t-achar deighilte molta arna ríomh ón gcothromóid is infheidhme maidir le minicíocht an tarchuradóir. Ba cheart go mbeadh neart réimsí ó tharchuradóirí RF fosaithe, arna chinneadh le suirbhéireacht ar an suíomh leictreamaighnéadach, níos lú ná an leibhéal comhlíonta i ngach raon minicíochta. |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| RF radaithe<br>IEC 61000-4-3  | 10 V/m<br>80 MHz go 2.7 GHz  | 10 V/m<br>80 MHz go 2.7 GHz                                     | D'fhéadfadh trasnaíocht tarlú i ngaireacht trealaimh atá marcáilte leis an tsiombail seo a leanas:   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| Gaireacht ó Threalamh Cumarsáide RF Gan Sreang  | <table border="1"> <thead> <tr> <th>Test frequency</th> <th>Band <sup>a)</sup></th> <th>Service <sup>a)</sup></th> <th>Maximum power</th> <th>IMMUNITY TEST LEVEL</th> </tr> <tr> <th>MHz</th> <th>MHz</th> <th></th> <th>W</th> <th>V/m</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>385</td> <td>380 to 390</td> <td>TETRA 400</td> <td>1,8</td> <td>27</td> </tr> <tr> <td>450</td> <td>430 to 470</td> <td>GMRS 460, FRS 460</td> <td>2</td> <td>28</td> </tr> <tr> <td>710</td> <td rowspan="3">704 to 787</td> <td rowspan="3">LTE Band 13, 17</td> <td rowspan="3">0,2</td> <td rowspan="3">9</td> </tr> <tr> <td>745</td> </tr> <tr> <td>780</td> </tr> <tr> <td>810</td> <td rowspan="3">800 to 960</td> <td rowspan="3">GSM 800/900, TETRA 800, iDEN 820, CDMA 850, LTE Band 5</td> <td rowspan="3">2</td> <td rowspan="3">28</td> </tr> <tr> <td>870</td> </tr> <tr> <td>930</td> </tr> <tr> <td>1 720</td> <td rowspan="3">1 700 to 1 990</td> <td rowspan="3">GSM 1800; CDMA 1900; GSM 1900; DECT; LTE Band 1, 3, 4, 25; UMTS</td> <td rowspan="3">2</td> <td rowspan="3">28</td> </tr> <tr> <td>1 845</td> </tr> <tr> <td>1 970</td> </tr> <tr> <td>2 450</td> <td>2 400 to 2 570</td> <td>Bluetooth, WLAN, 802.11 b/g/n, RFID 2450, LTE Band 7</td> <td>2</td> <td>28</td> </tr> <tr> <td>5 240</td> <td rowspan="3">5 100 to 5 800</td> <td rowspan="3">WLAN 802.11 a/n</td> <td rowspan="3">0,2</td> <td rowspan="3">9</td> </tr> <tr> <td>5 500</td> </tr> <tr> <td>5 785</td> </tr> </tbody> </table> |   |   |                     | Test frequency | Band <sup>a)</sup> | Service <sup>a)</sup> | Maximum power | IMMUNITY TEST LEVEL | MHz | MHz |  | W | V/m | 385 | 380 to 390 | TETRA 400 | 1,8 | 27 | 450 | 430 to 470 | GMRS 460, FRS 460 | 2 | 28 | 710 | 704 to 787 | LTE Band 13, 17 | 0,2 | 9 | 745 | 780 | 810 | 800 to 960 | GSM 800/900, TETRA 800, iDEN 820, CDMA 850, LTE Band 5 | 2 | 28 | 870 | 930 | 1 720 | 1 700 to 1 990 | GSM 1800; CDMA 1900; GSM 1900; DECT; LTE Band 1, 3, 4, 25; UMTS | 2 | 28 | 1 845 | 1 970 | 2 450 | 2 400 to 2 570 | Bluetooth, WLAN, 802.11 b/g/n, RFID 2450, LTE Band 7 | 2 | 28 | 5 240 | 5 100 to 5 800 | WLAN 802.11 a/n | 0,2 | 9 | 5 500 | 5 785 |
| Test frequency  | Band <sup>a)</sup>   | Service <sup>a)</sup>   | Maximum power   | IMMUNITY TEST LEVEL |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| MHz   | MHz  |   | W   | V/m                 |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 385   | 380 to 390   | TETRA 400   | 1,8   | 27                  |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 450   | 430 to 470   | GMRS 460, FRS 460   | 2   | 28                  |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 710   | 704 to 787   | LTE Band 13, 17   | 0,2   | 9                   |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 745   |  |   |   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 780   |  |   |   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 810   | 800 to 960   | GSM 800/900, TETRA 800, iDEN 820, CDMA 850, LTE Band 5          | 2   | 28                  |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 870   |  |   |   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 930   |  |   |   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 1 720   | 1 700 to 1 990   | GSM 1800; CDMA 1900; GSM 1900; DECT; LTE Band 1, 3, 4, 25; UMTS | 2   | 28                  |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 1 845   |  |   |   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 1 970   |  |   |   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 2 450   | 2 400 to 2 570   | Bluetooth, WLAN, 802.11 b/g/n, RFID 2450, LTE Band 7            | 2   | 28                  |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 5 240   | 5 100 to 5 800   | WLAN 802.11 a/n   | 0,2   | 9                   |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 5 500   |  |   |   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| 5 785   |  |   |   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |
| <sup>a)</sup> For some services, only the uplink frequencies are included.  |  |   |   |                     |                |                    |                       |               |                     |     |     |  |   |     |     |            |           |     |    |     |            |                   |   |    |     |            |                 |     |   |     |     |     |            |  |   |    |     |     |       |                |   |   |    |       |       |       |                |  |   |    |       |                |                 |     |   |       |       |

|                                      |                           |                      |  |
|--------------------------------------|---------------------------|----------------------|--|
| Réimsí<br>Maighnéadacha<br>Cóngarais | <b>Minicíocht tástála</b> | <b>Modhnú</b>        | <b>Leibhéal Tástála Imdhionachta (A/m)</b> |
|                                      | 30 kHz                    | CW                   | 8  |
|                                      | 134.2 kHz                 | Modhnú bíge: 2.1 kHz | 65   |
|                                      | 13.56 MHz                 | Modhnú bíge: 50 kHz  | 7.5  |

## 23 SEIRBHÍS AGUS TACAÍOCHT DO CHUSTAIMÉIRÍ

Agus fadhbanna á dtuairisciú agat, tabhair uimhir Aitheantais Uathúil (e.g. S/N) na feiste (mar a shainithnítear ar lipéad na feiste) agus an bhail éadaigh lena mbaineann, chomh maith leis an eolas foláireamh comhfhreagrach, más ann dó, don mhonaróir nó dá ionadaí údaraithe agus do d'Údarás Náisiúnta.

Ba cheart aon teagmhas tromchúiseach a tharlaíonn i ndáil leis an bhfeiste a thuairisciú don mhonaróir agus d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-úsáideoir bunaithe.

| Monaróir  | Ionadaí Údaraithe AE  |
|---|---|
|  <p>Zenith Technical Innovations, LLC<br/>1396 St. Paul Ave.<br/>Gurnee, IL 60031, USA</p> <p>customerservice@thermtherapy.com<br/>+1.847.672.7481</p>  <p>www.thermtherapy.com</p> |  <p>MedEnvoy Global B.V.<br/>Prinses Margrietplantsoen 33<br/>Suite 123<br/>2595 AM The Hague<br/>The Netherlands</p> <p>vigilance@medenvoyglobal.com<br/>+31.70.326.21.48</p> |
|    |   |

## 24 BARÁNTA MÁISTIRTHÁIRGE

Zenith Technical Innovations, LLC Tugann (“Zenith”) baránta go n-oibreoidh an meaisín Therm-X, an píobán imleacáin agus an soláthar cumhachta (“Aonad Therm-X”), má úsáidtear i gceart iad, de réir a sonraíochtaí mar a thuairiscíonn Zenith, agus go mbeidh siad saor ó lochtanna maidir le hábhar agus ceardaíocht ar feadh tréimhse bliana (1) i ndiaidh an dáta a ceannaíodh iad. Tugann Zenith baránta go n-oibreoidhna baill éadaigh Therm-X (“Ceangaltáin Therm-X”), má úsáidtear i gceart iad, de réir a sonraíochtaí mar a thuairiscíonn Zenith, agus go mbeidh siad saor ó lochtanna maidir le hábhar agus ceardaíocht mar a leanas:

Baill éadaigh mharthanacha (úsáid il-othar): sé (6) mhí i ndiaidh dháta an cheannaigh

Ciallaíonn “Táirge”, mar a úsáidtear an téarma sin sa Bharánta seo, Aonad Therm-X nó Ceangaltán Therm-X. Níl aon bharántaí is infheidhme maidir le haon cheann de na hearraí forlíontacha (e.g., an buidéal athlíonta) a chuimsítear le díol Táirgí.

### FAIGHTEOR AN BHARÁNTA

Ní chlúdaíonn an Baránta seo ach Táirge nua agus is ar mhaithe le custaiméir (“Custaiméir”) a cheannaíonn Táirge go díreach ó Zenith nó ó dháileoir údaraithe nó ó dhíoltóir údaraithe Táirgí Zenith amháin atá sé.

### RAON FEIDHME

Ní chumhdaítear leis an mBarántas seo ach lochtanna oibríochta, ábhar agus ceardaíochta. Ní chumhdaítear leis an mBaránta seo aon éileamh, seirbhís, locht, riocht, cailteanas nó damáiste a eascraíonn as, gan teorainn: suiteáil; treoracha maidir le socrú nó úsáid nár tháinig ó Zenith; moltaí maidir le húsáid (lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do mholtaí ó ghairmithe cúraim sláinte); uirill maidir le torthaí teiripeacha nó torthaí eile úsáide; timpistí; cur isteach; roghnú míchuí táirge; mí-úsáid, faillí, nó úsáid neamhghnách; úsáid páirteanna, oiriúintí nó athrú neamhúdaraithe; gnáthchaitheamh agus gnáthchumilt; stóráil mhíchuí; glanadh nó aon riocht de bharr salachair nó substaint choimhthíoch ar bith ar Tháirge nó i dtáirge; agus damáiste a eascraíonn as seoladh. MÁ DHÉANTAR TÁIRGE, NÓ AON CHUID DE, A SHUITEÁIL, A CHUMRÚ NÓ A ÚSÁID AR BHEALACH NACH gCOMHLÍONANN NA TREORACHA OIBRIÚCHÁIN NÓ NA LÁMHLEABHAIR ÚSÁIDEORA A SHOLÁTHRAÍONN ZENITH, BEIDH AN BARÁNTA SEO AR NEAMHNÍ. CUIREANN AON ATHRÚ NÓ MODHNÚ NEAMHÚDÁRAITHE AN BARÁNTAS SEO AR NEAMHNÍ.

## IS É DEISIÚ NÓ ATHSHOLÁTHAR AN tAON CHÚITEAMH

Má mhífheidhmíonn Táirge le linn na Tréimhse Barántais is infheidhme mar thoradh ar locht oibríochta, ábhair nó ceardaíochta, déanfaidh Zenith, dá rogha féin:

- An Táirge a dheisiú; nó
- An Táirge a athsholáthar le táirge coibhéiseach eile.

Is é deisiú nó athsholáthar an t-aon leigheas don Chustaiméir. Féadfaidh Zenith a roghnú an Táirge a athsholáthar nó a dheisiú le Táirge coibhéiseach nua nó athchóirithe. Ní bheidh aon Táirge a dheisítear nó a athsholáthraítear faoi bharánta ach amháin don chuid eile den Tréimhse Bharánta bhunaigh a chlúdaigh an Táirge bunaidh agus beidh sé faoi réir na dteorainneacha agus na n-eisiamh céanna. Le deisiúcháin nó athsholáthar baránta, ceanglófar ar an gCustaiméir an Táirge a sheachadadh ar chostas an Chustaiméara chuig Zenith nó an Táirge a thabhairt ar ais tríd an dáileoir údaraithe Zenith ónar ceannaíodh é. Íocfaidh Zenith an costas chun aon Táirge deisithe nó athsholáthartha a fhaigheann seirbhís Bharánta a thabhairt ar ais don Chustaiméir. Beidh an Custaiméir freagrach as táille agus costais a bhaineann le seoladh ar ais agus déanfar iad a mheasúnú má tharlaíonn sé, nuair a dhéanfar tástáil agus calabrú, nach bhfuil aon lochtanna sa Táirge. Má roghnaíonn Zenith an Táirge lochtach a athsholáthar, beidh an Táirge a chuirfear ar ais ina mhaoin de chuid Zenith nuair a gheofar é.

## CLÁRÚ AGUS SEIRBHÍS BHARÁNTA

Molann Zenith an Therm-X a chlárú chun tacaíocht Bharánta a áirithiú. Chun Táirge a chlárú, ní mór don Chustaiméir, laistigh de thríocha (30) lá i ndiaidh an cheannaigh, teagmháil a dhéanamh le Zenith i scríbhinn, tríd an bpost nó trí ríomhphost (customerservice@thermxttherapy.com), agus eolas teagmhála, samhail agus sraithuimhir (sraithuimhreacha) an Táirge (na dTáirgí) a ceannaíodh, dáta an cheannaigh, ainm an díoltóra (má ceannaíodh ó dháileoir údaraithe Zenith é), uimhir dheimhniú ordaithe (más infheidhme) agus uimhir aitheantais seolta (más infheidhme) a sholáthar do Zenith. Measfar go ndearnadh an clárú nuair a gheobhaidh Zenith é ag 1396 St. Paul Ave, Gurnee, IL, 60031, SAM.

NÍL FEIDHM AG AN mBARÁNTA SEO ACH AMHÁIN MAIDIR LEIS AN gCUSTAIMÉIR BUNAIDH AGUS NÍL SÉ INAISTRITHE.

Chun seirbhís Bharántais a fháil, ní mór don Chustaiméir teagmháil a dhéanamh le foireann seirbhíse custaiméirí Zenith mar a leagtar amach thíos chun treoracha a fháil, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do threoracha maidir le seoladh an Táirge (na dTáirgí) lochtaigh ag an gCustaiméir lena dheisiú nó lena athsholáthar:

### Teagmháil leis an bhfoireann seirbhíse:

|                |  |
|----------------|--|
| Teileafón:     | +1-847-672-7481  |
| Seoladh Poist: | ATTN Warranty Service, 1396 St. Paul Avenue, Gurnee, IL 60031, SAM |
| Ríomhphost:    | customerservice@thermxttherapy.com                                 |

## SÉANADH BARÁNTA

ACH AMHÁIN NA BARÁNTAÍ MAR A SHOLÁTHRAÍTEAR GO SONRACH ANSEO, NÍ THUGANN ZENITH AON BHARÁNTA GO BHFUIL NÓ GO mBEIDH TÁIRGE CRUINN, IOMLÁN, GAN CHUR ISTEACH, NÓ GAN EARRÁID.

SÉANANN ZENITH AGUS NÍ DHÉANANN SÉ AON BHARÁNTAÍ NÁ AON UIRILL MAIDIR LE CRUINNEAS, CÁLÍOCHT, IONTAOFACHT, OIRIÚNACHT, IOMLÁINE, ÚSÁIDEACHT, NÓ ÉIFEACHTACHT AON TÁIRGE.

SÉANANN ZENITH GACH BARÁNTA EILE, SAINRÁITE NÓ INTUIGTHE, MAIDIR LE HAON TÁIRGE, LÉNA N-ÁIRÍTEAR BARÁNTAÍ INDÍOLTACHTA AGUS OIRIÚNACHTA DO CHUSPÓIR ÁIRITHE.

NÍL AON DEIMHNIÚ FÍORAIS NÓ GEALLTANAIS DÉANTA AG ZENITH A BHAINNEANN LE TÁIRGE AR FÉIDIR LE CUSTAIMÉIR BRATH AIR NÓ A D'FHÉADFÁDH A BHEITH MAR BHONN LE MARGADH.

NÍL AN COMHAONTÚ SEO INAISTRITHE NÁ DEARTHÁ DO DHUINE AR BITH SEACHAS AN CUSTAIMÉIR BUNAIDH.

A MHÉID NACH gCEADAÍTEAR AON SÉANADH BARÁNTA LEIS AN DLÍ INFHEIDHME, RACHFAIDH AON BHARÁNTA IN ÉAG NUAIR A RACHFAIDH AN TRÉIMHSE BHARÁNTA A LUAITEAR THUAS IN ÉAG, AGUS BEIDH AN CÚITEAMH TEORANTA DO DHEISIÚ NÓ D'ATHSHOLÁTHAR MAR A SHOLÁTHRAÍTEAR THUAS.

ACH AMHÁIN NA BARÁNTAÍ SAINRÁITE A SHOLÁTHRAÍTEAR ANSEO, DÍOLTAR GACH TÁIRGE “MAR ATÁ” AGUS NÍ DHÉANANN NÁ NÍ ÚDARAÍONN ZENITH AON BHARÁNTAS, GEALLTANAS NÓ DEIMHNIÚ FÍORAIS, SEACHAS MAR A LEAGTAR AMACH THUAS.

SÉANAÍTEAR GO SONRACH AON BHARÁNTAÍ MAIDIR LE TORADH TEIRIPEACH NÓ SLÁINTE A EASCRAÍONN AS TÁIRGE A ÚSÁID.

## TEORAINN LE DLITEANAS

Ní bheidh Zenith faoi dhliteanas don Chustaiméir maidir leis an mBaránta seo nó eile, cibé acu i gcaingean bunaithe ar chonradh, ar thort (lena n-áirítear faillí agus dliteanas iomlán) nó aon teoiric dlí eile, cibé slí a dtiocfadh sé chun cinn, as aon damáistí teagmhasacha, speisialta, eiseamláireacha nó iarmhartacha, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do dhamáistí a eascraíonn as brabúis chaillte, cur isteach ar ghnó, cailliúint cáilmheasa, díobháil don Chustaiméir nó d'othair nó do chliaint an Chustaiméara, nó díobháil d'úsáideoirí eile Táirge nó d'fianaisigh ar aon úsáid, fiú má chuirtear in iúl do Zenith go bhféadfadh damáistí den sórt sin tarlú.

SÉANANN ZENITH AGUS NÍL SÉ FREAGRACH AS DAMÁISTE, COSTAIS NÓ CAILLTEANAS DÍREACH, SPEISIALTA, TEAGMHASACH, IARMARTACH, NÓ EILE. TÁ DLITEANAS ZENITH TEORANTA DO DHEISIÚ NÓ D'ATHSHOLÁTHAR MAR A SHOLÁTHRAÍTEAR THUAS. SA CHÁS GO gCINNTEAR GO BHFUIL AN LEIGHEAS DEISIÚCHÁIN NÓ ATHSHOLÁTHAITHE NEAMHLEOR DE RÉIR AN DLÍ NÓ AN CHOTHROMAIS, BEIDH FEIDHM AG TÉARMAÍ AGUS FORÁLACHA EILE AN BHARÁNTA SEO ACH AMHÁIN GURB É AN CÚITEAMH EISIACH SA CHÁS SIN NÁ AISÍOCAÍOCHT ZENITH LEIS AN gCUSTAIMÉIR AR PHRAGHAS CEANNACHÁIN AN TÁIRGE BARÁNTAITHE.

## INSCOITEACHT

Má mheastar go bhfuil aon fhoráil den Bharánta seo neamhbhailí nó neamh-infheidhmithe faoi dhlíthe aon dlínse, beidh na forálacha sin inscoite go hiomlán agus fanfaidh na codanna eile den Bharánta i bhfeidhm agus le héifeacht go hiomlán.

## **NUASHONRUITHE AGUS FEABHSUITHE**

Coimeádann Zenith an ceart dearadh aon Táirge a mhodhnú agus a fheabhsú gan aon oibleagáid a ghlacadh maidir le haon mhúnla roimhe seo de Tháirge a mhonaraigh, a dháil nó a dhíol Zenith roimhe seo a mhodhnú agus gan aon oibleagáid a ghlacadh maidir leis an mBaránta seo a mhodhnú.